



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022  
Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

# Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

**RANG A CÚIG & A SÉ/P7**

**23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022**





An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
<p><b>Rúndiamhair Dé</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Bíonn an Spiorad Naomh gníomhach istigh ionainn, agus ar fud na hEaglaise trí na scríoptúir, trí na sacraimintí, tríd an gcriosma, trí údarás theagaisc na hEaglaise, trí ghníomhartha carthanachta na gCríostaithe, tríd an urnaí, trí oibreacha corpartha na trócaire agus araile (CCC 687–747).</li> <li>Is é Dia an grá.</li> <li>Bíonn grá Dé buan, síoraí, gan acht (Ís 54:8; Iar 31:3; CCC 220).</li> <li>Tá Dia i láthair go smíor ionainn: ‘Is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid’ (Gníomhartha 17:28; CCC 300).</li> </ul> <p><b>Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Is é an Spiorad Naomh tíolacadh ghrá Dé, agus tagann sé ag maireachtáil sa té a chreideann (CCC 733).</li> <li>Bíonn an Spiorad Naomh ag obair ar fud an domhain (GS 22, 38).</li> <li>Bíonn an Spiorad Naomh beo le sonrú ar fud an domhain áit ina mbíonn daoine ag saothrú ar son na síochána, ar son an chirt, ar son chearta an duine, agus san áit chomh maith ina dtugtar aire don chomhshaol.</li> </ul> <p><b>Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Mairfidh gach rud maith luachmhar i Ríocht Dé. Cuireann gach aon ghníomh cineálta, nó flaithiúil, nó freastalach, le tógáil Ríocht Dé.</li> </ul>	<p><b>An Scríoptúr Naofa</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Saol Poiblí Íosa (CCC 422–24, 430–55, 535–40, 543–56)</li> <li>Matha 5:1–14; 38–48, an tSeanmóir ar an Sliabh (Na Bíáide).</li> <li>Lúcás 10: 27–37, An Samárach Maith.</li> </ul>
Liotúirge agus Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
<p><b>Urnaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Is éard is urnaí ann ná gaol pearsanta le Dia (CCC 2558, 2565).</li> <li>Bíonn tionchar ag an urnaí ar ár gcuid gníomhartha agus ar an meon atá ionainn (CCC 2725).</li> </ul>	<p><b>Cúnamh agus Láithreach Ghrástúil Dé</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Na Bíáide: Matha 5:1–11; CCC 1716–29). Múineann na Bíáide dúinn gur gá Dia a ghrá thar aon rud eile. (CCC 1723, 1728).</li> <li>Ní athraíonn an teagasc a thug Íosa dúinn sna Bíáide aithne ar bith, ach tugann siad le fios dúinn go gcuirtear tús leis an aistear, bealach Íosa a leanúint, inár gcroí (CCC 1968).</li> <li>Cabhraíonn luachanna agus teagasc Íosa linn an cinneadh ceart a dhéanamh.</li> <li>Déanann na Críostaithe an mhaith toisc gur ceart é a dhéanamh, agus toisc go bhfuil grá againn d’Íosa (CCC 1828).</li> </ul> <p><b>Cúnamh agus Láithreach Ghrástúil Dé</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Múineann Íosa dá lucht leanúna go gcaithfear a bheith comhbhách tuisceanach.</li> </ul>





# An Luan – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht le Dia



24 Eanáir 2022

Spiorad na Fírinne, nach féidir don saol a ghlacadh, mar ní fheiceann sé é ná ní aithníonn sé é. Ach aithníonn sibhse é mar fanann sé faraibh, agus beidh sé ionaibh. (Eoin 14: 16–17)

## Smaoinigh:

Nuair a mhairimid de réir tola Dé, bímid beo beathach. Nílímíd inár n-aonar ar aistear an tsaoil. Bíonn Dia ann i gcónaí mar threoraí againn. An bealach is fearr le cloisteáil uaidh ná cuireadh a thabhairt dó teacht isteach inár saol, labhairt leis, guí chuige agus leis, ár gcuid smaointe agus ár mbuíochas a roinnt leis, treoir a lorg uaidh, agus a bheith réidh glacadh go hoscailte leis na freagraí a chuirtear chugainn.

## Pléigh:

Foghlaimimid inniu mar gheall ar an tseanmóir a thug Íosa uaidh, a thugann eolas dúinn maidir leis na Bíáide. Bronntar na Bíáide mar threoir orainn. Déanann siad muid a stiúradh sa treo ceart. Múineann siad na luachanna a bheadh de dhíth orainn le saol iomlán a chaitheamh i dteannta Dé.

Scaip cóipeanna den Bhíobla i measc na ndaltaí. Iarr ar na grúpaí beaga/meithleacha, Matha 5:3–12 a léamh. D'fhéadfadh an múinteoir nó daltaí áirithe an sliocht a léamh os ard.

Iarr ar na daltaí an focal (beannaithe) is minice a luaitear san alt a aithint. Scríobh an focal 'Beannaithe' ar an gclár bán. Pléigh brí an fhocail 'Beannaithe' leis an rang. Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt ina saol féin maidir leis an mbealach inar mhothaíodar féin go rabhadar 'beannaithe'.

Mínigh don rang go bhfuaimnítear an focal 'beatitude' sa Bhéarla, ar aon dul leis an bhfocal 'attitude'. Beidh an bealach inar féidir linn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh i bhfochair Dé ag brath go mór ar an aigne atá ionainn.

Déan an t-alt a scagadh, agus na frásaí is suimiúla a aithint agus a phlé. Roghnaigh an frása 'bocht ó spiorad'. Dá dtarlódh go mbeimis bocht go spioradálta, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair orainn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh. Déan an ráiteas sin a phlé.

D'fhéadfadh an múinteoir frásaí nó focail eile a phlé chomh maith: lucht an dobróin, ceansa, ocras agus tart chun na fíréantachta, lucht na trócaire, glan ó chroí, lucht síochána a dhéanamh.

Déan na ceisteanna seo a phlé leis na daltaí:

- Deirtear go mbíonn drochghotha ar dhaoine áirithe. Cad is brí leis sin?
- Cén bhrí atá le dearcadh deimhneach a bheith ag duine? Abair cathain ar léirigh tú féin an dearcadh deimhneach.
- Cad í an bhiáid is mó a oireann duit féin? Cad í an ceann is mó a chleachtann tú?
- Cad í an bhiáid is mó a chuireann as duit féin? Cad í an ceann is mó a chaithfear a fhorbairt i do shaol féin? Conas san?
- Scríobh nóta beag chuig Íosa a chuireann síos ar do thuairimí maidir leis na bíáide is mó a chleachtann tú. Iarr ar Íosa cabhrú leat na bíáide nach bhfuil i bhfeidhm agat a fhorbairt agus a chleachtadh.



**Gníomhaíocht:****Athscríobh a Dhéanamh ar na Bíáide**

Is féidir leis na daltaí an obair a dhéanamh leo féin, nó i ngrúpaí beaga. D'fhéadfaí an leathanach a chóipeáil agus a dháileadh ar na scoláirí.

**Scríobh amach na Bíáide in bhur bhfocail féin**

Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.	
Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.	
Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.	
Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.	
Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.	
Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.	
Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.	
Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.	





# An Mháirt – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht lena Chéile



**25 Eanáir 2022**

(Dúirt Íosa) ‘Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d’anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d’aighe go hiomlán’; agus ‘do chomharsa mar thú féin.’  
(Lúcás 10:27)

## Smaoinigh:

Má theastaíonn uainn saol iomlán a chaitheamh i bhfochair Dé, is gá dúinn breathnú amach uainn féin. Caithfear dea-shampla Íosa a leanúint agus an cineáltas agus an trócaire a bhronnadh ar an uile dhuine a bhuaileann linn. Ní bhíonn deacracht ar bith ann aire a thabhairt don mhuintir mhuirneach. Bíonn sé i bhfad níos deacra aire a thabhairt do dhaoine atá éagsúil uainn féin. Iarrtar orainn a leithéid a dhéanamh, sé sin má theastaíonn uainn maireachtáil i dteannta Dé. Caithfidimid glacadh leis an dúshlán a dtugtar dúinn:

- an dúshlán a iarrann orainn cabhair agus aire a thabhairt do dhaoine atá éagsúil uainne;
- an dúshlán a iarrann orainn an lámh chúnta a shíneadh don strainséir, don choimhthíoch;
- an dúshlán a iarrann orainn déileáil le cách ar bhealach cothrom comhbhách;
- an dúshlán a iarrann orainn an duine eile a ghrá mar a ghráimid sinn féin;
- an dúshlán a iarrann orainn meas, caoinfhulaingt agus ceartas a léiriú i dtreo an duine eile.



## Pléigh:

Iarrtar orainne ar fad feabhas a chur ar an saol. Mhúin Íosa dúinn an bealach ceart le saol iomlán lántairbhe a chaitheamh lena chéile, trí scéalta nó parabail a rá linn. Ceann de scéalta Íosa a mhúineann dúinn conas a bheimis cabhrach grámhar ar scoil, ná an scéal faoin Samárach Maith.

Léigh an parabal faoin Samárach Maith.

## Parabal: An Samárach Maith

Arsa Íosa:

Bhí Giúdach fear ag dul siar an bóthar lá. Bhí sé ar an mbealach ó Iarúsailéim go hIreachó, de shiúl na gcos. Turas dhá lá a bhí ann.

Ceantair cnocach a bhí ann, agus an bóthar féin clochach go maith. Bhí an fear ag portaireacht dó féin agus ag baint taitnimh as an dea-aimsir nuair a léim díorma fear a bhí i bhfolach uaidh, amach ar an mbóthar os a chomhair. Ghoid siad na traipisí de, agus srac siad na héadaí de chomh maith. Níor theastaigh uathu go dtiocfadh sé ar a dtóir, agus mar sin thugadar drochíde dó, gur fágadh ina chnap fuilteach ar thaobh an bhóthair é.

Tamall ina dhiaidh sin tháinig sagart a bhí ag gabháil an bhóthair ar an bhfear a bhí gortaithe ina luí ansin. Céard a rinne an sagart? Mheasfa go gcabhródh sé láithreach leis an bhfear bocht. Thrasnaigh sé an bóthar agus lean sé ar aghaidh ar an mbealach amhail is nár thug sé rud ar bith as an ngnáth faoi deara.





Tamall ina dhiaidh sin tháinig fear eile, ag siúl an treo sin. Léivíteach a bhí ann, duine a chabhraigh le hobair na sagart. An gcabhródh seisean leis an bhfear bocht gortaithe? Céard a rinne sé ach teacht i ngiorracht don duine bocht le breathnú air, ach in ionad cabhair a thabhairt, lean sé ar aghaidh ar a bhealach féin.



Giúdach ab ea an fear gortaithe leonta. Céard a dhéanfadh an Samárach? Mheasfaí go dtabharfadh sé neamhaird air, nó a bheith ag fonóid faoi.

Chomh luath agus a thug sé an fear bocht faoi deara, bhí trua aige dó. Chuir sé ola chostasach agus fíon ar na créachtaí agus cheangail sé bindealáin thart orthu le hiad a chneasú agus a chosaint. Chuir sé an fear bocht in airde ar a asal féin, agus thug sé go dtí an teach aíochna ba ghaire dóibh é, le go bhféadfaí aire a thabhairt dó.

An lá dár gcionn d'fhág an Samárach go leor airgid le fear an tí le go bhféadfaí aire cheart a thabhairt don fhear bocht go dtí go mbeadh biseach air. Gheall sé go dtiocfadh sé ar ais i gceann dhá mhí leis an scéal a fhiosrú, agus le táille bhreise ar bith a íoc.

Nuair a chríochnaigh Íosa an scéal, d'iarr sé orthu a rá leis cé acu den triúr sin ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe. Dúirt an fear a chuir an cheist i dtosach air: "An té a rinne an trócaire air agus a chabhraigh leis." Dúirt Íosa leis: "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna.

Ceisteanna le plé:

- Cad is brí le cos ar bolg a imirt ar an té atá thíos leis cheana féin?
- Tabhair samplaí de na daoine ar fud an tsaoil atá thíos leis faoi láthair. (Teifigh mar shampla, an mhuintir gan dídean, na heasláin, cara i dtrioblóid.)
- Conas is féidir linn an dea-shampla a thug an Samárach Maith a chur i bhfeidhm ar na daoine thuasluaite atá thíos leis? Díriú sa phlé ar an mbealach ina spreagann an scéal muid le haire agus le grá a thabhairt dar muintir féin sa bhaile agus ar scoil.
- Tabhair cuireadh do na daltaí dráma beag a dhéanamh den pharabal 'An Samárach Maith'.



## Urnaí:

A Dhia ghrámhar, deonaigh go dtabharfaidh mé faoi deara é nuair a bhíonn daoine gátaracha in aice liom, agus múin dom conas do ghrá a roinnt leo. Amen.

A Dhia ghrámhar, míle buíochas as an trócaire a léiríonn tú i mo leith, in aghaidh an lae. Cabhraigh liom a bheith trócaireach i gcónaí don duine eile. Amen.

## Gníomhaíocht:

### An Lámh Chúnta

Múineann Íosa dúinn conas saol iomlán lántairbhe i bhfochair Dé a chaitheamh, trí chúram a dhéanamh de dhaoine eile. Is sinne ar fad clann Dé. Iarrtar orainne ar fad an lámh chúnta a shíneadh i dtreo na ndaoine a thagann inár dtreo.

Abair na gnáthbhealaí inár saol inar féidir linn an lámh chúnta a shíneadh chuig an duine eile.


Tabhair cóip den teimpléad leis an lámh air do gach dalta sa rang. Spreag iad le samplaí a scríobh nó a tharraingt air de na bealaí inar féidir leo an lámh chúnta a shíneadh chuig an duine eile faoi láthair. Is féidir na lámha a chrochadh in áit bheannaithe an ranga, nó iad a chur le chéile mar leabhar 'Lámh Chúnta' a chuirfí ar taispeáint sa seomra ranga.





## Bileog Oibre:

Nuair a thugaim aire agus grá don uile dhuine a bhuaileann liom, caithim saol iomlán lántairbhe i dteannta Dé.





# An Chéadaoin – (Lá na Seantuismitheoirí) Ceiliúradh a Dhéanamh ar an Athaontú



**26 Eanáir 2022**

‘Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.’ (1 Cor 13:13)

## **Smaoinigh:**

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus gach aon bhliain déanann na scoileanna an ról tábhachtach atá ag na seantuismitheoirí maidir leis an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh don ghlúin óg a cheiliúradh. Caithfear grá na seantuismitheoirí a cheiliúradh agus a chaomhnú. Le tamall beag anuas ní raibh deis ag na daoine óga bualadh leis na seantuismitheoirí de bharr shrianta na paindéime COVID-19.

Scaradh óna chéile muid anuraidh, ach is féidir an t-athaontú leo a cheiliúradh i mbliana.

Cuireann an phaindéim seo as don saol ar bhealach leanúnach, agus ní féidir a rá go cinnte go mbeidh na seantuismitheoirí ag teacht chun na scoile mar is gnách. Is ríthábhachtach an rud é mar sin go leanfaimis leis an ngrá do na seantuismitheoirí a léiriú, agus go ndéanfaimis gach a ndéanann siad ar ár son a cheiliúradh.

## **Pléigh:**

Grán na seantuismitheoirí gan acht muid, díreach mar a ghrán Dia gan acht muid. Léiríonn siad an grá seo ar bhealaí éagsúla. Ceann de na bealaí is tábhachtaí ina léiríonn siad an grá seo ná tríd an aithne atá acu ar Dhia a roinnt linn, agus trí thábhacht Dé ina saol a mhíniú dúinn.

Déan na daltaí a spreagadh le litir a scríobh chuig na seantuismitheoirí le rá leo go bhfuiltear ag smaoineamh go grámhar orthu. (Is féidir é a dhéanamh chomh maith, i gcuimhne sheantuismitheoir atá ar shlí na fírinne.)

Mura mbíonn sé ar acmhainn ag an scoil Lá na Seantuismitheoirí bliantúil a cheiliúradh ar scoil, d’fhéadfadh go mbeadh ranganna 3 go 6 sásta tionscadail bheaga indibhidiúla a chur le chéile mar gheall ar na seantuismitheoirí.

Is féidir na ceisteanna seo a úsáid le hagallamh a chur ar na seantuismitheoirí, agus taifead scríofa a dhéanamh de na freagraí. D’fhéadfadh an dalta indibhidiúil na freagraí a chur le chéile, a mhaisiú agus a chur ar taispeáint sa seomra ranga nó i gcomhlimistéir na scoile.

1. An raibh muirín mhór ar do thuismitheoirí? Cé mhéad deartháir agus deirfiúr a bhí agat?
2. Cá ndeachaigh tú ar scoil? Cén t-ábhar scoile ab fhearr leat?
3. Cad iad na cluichí a d’imir tú ar scoil? Cé a bhíodh ag súgradh leat? Ar thaitin an léamh leat?
4. Cad é an leabhar ab ansa leat?
5. Cén t-am den bhliain is mó a thaitin leat?
6. Cad iad na hócáidí a bhíodh á gceiliúradh agat? Cén áit ina mbíodh an ceiliúradh sin?
7. An raibh dlúthchara agat?
8. Cad iad na rudaí a ndearna sibh lena chéile?







9. An raibh peata agat?
10. Cad é an bia ab fhearr leat?
11. An cuimhin leat an Chéad Chomaoín, agus an Cóineartú?
12. Cad í an phaidir is mó a thaitin leat agus tú ag fás aníos?
13. An cuimhin leat an uair a rugadh mise mé féin?
14. Déanann na páistí cur síos ar ócáid a chaitheadar i dteannta na seantuismitheoirí.
15. Scríobhann na páistí urnaí ghearr bhuíochais le Dia as na seantuismitheoirí speisialta a bronnadh orthu.





## An Déardaoin – Saol le hlontas a Chaitheamh



27 Eanáir 2022

'I dtús báire chruthaigh Dia neamh agus talamh. Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. (Gein 1:1–31)

### Smaoinigh:

Tarlaíonn sé dúinn ar fad go mbíonn ionadh an domhain orainn ag staideanna áirithe. Tuigtear dúinn nach fiú trácht orainn i gcomparáid leis an domhan mór, cuireann ollmhéid na spéire istoíche alltacht orainn, téann ceol áirithe go mór i bhfeidhm orainn. Bíonn tionchar ag na mothúcháin draíochta seo ar ár saol féin. D'fhéadfadh go mothóimis níos sásta linn féin, go mbeadh níos lú den leithleachas ionainn, go mbeimis buíoch as an am agus an saol atá againn, agus go mbeadh níos mó suime againn cabhair a chur ar fáil don duine eile.

Nuair a bhíonn ionadh orainn, spreagtar an fhiosracht, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ionainn, uirlisí luachmhara a bheadh de dhíth orainn dá dteastódh uainn fadhbanna casta sóisialta a réiteach. Spreagtar an lúcháir ionainn chomh maith. Is tábhachtach an rud é bua an iontais a chothú i measc ndaltaí. Ciallaíonn bua an iontais gur féidir linn na rudaí maithe ionainn féin, i ndaoine eile, agus ar fud an domhain a aithint agus a cheiliúradh. Tugaimid saothar Dé faoi deara sa ghnáthshaol coitianta. Aithnímid go mbíonn cumhacht Dé i bhfeidhm orainn, go mbíonn tionchar aige ar ár mbeatha, ar shaol na ndaoine atá thart orainn, agus ar an domhan go hiondúil.



### Pléigh:

#### Dearcadh Éagsúil ar an Domhan

Má bhímid ag breathnú trí lionsa an cheamara, nó trí na gloiní, bímid ag díriú isteach ar ghné bheag an tsaoil, ar rud neamhshuntasach b'fhéidir. Cé nach mbeadh ceamara nó gloiní ar fáil don uile dhalta sa seomra, is féidir an t-imprisean céanna a fháil trí bheith ag breathnú trí rolla tuáille páipéir. Iarr ar na daltaí na rollaí cairtchláir a mhaisiú, agus ansin iad a thabhairt amach sa chlós le fócasú ar ábhar suimiúil sa timpeallacht.

Ní gá gur rudaí ollmhóra iad na rudaí a chuireann iontas orainn. Tabhair áilleacht na mionrudaí faoi deara, bláth fíoraibhinn fiáin, feithidí le patrúin áille orthu, an líon casta a dhéanann an damhán alla, nó na patrúin nádúrtha a tharlaíonn ar chlocha agus ar chraiceann na gcrann.

Déan na rudaí a chuireann iontas ar na páistí a phlé leo. Spreag iad le páirt a ghlacadh trí smaoinemh os ard a dhéanamh, agus cuid samplaí a thabhairt dóibh.

Scríobh an frása 'Ní fheadar' ar an gclár ban. Tabhair samplaí dóibh agus spreag na daltaí lena gcuid ceisteanna féin a rá. Samplaí: Ní fheadar cé chomh fada uainn is atá na réaltaí? Ní fheadar cé chomh domhain is atá an loch san? Ní fheadar cén fáth gur ainmhí stríocach é an séabra?

Cuireann iontais na cruinne alltacht orainn. Tugaimid an ré is na réaltaí faoi deara sa spéir dhorcha istoíche, ach tá an t-uafás eile amuigh ansin a bheadh mar ábhar spástaiscéalaíochta. Níl againne anseo ach pláinéad beag amháin in iontais na cruinne, ar chruthaigh Rí na cruinne í.





### Gníomhaíocht:

Roinn grianghraif den spéir istoíche leis na páistí, agus labhair leo fúthu. Iarr orthu an t-eolas atá acu maidir leis an ngrianchóras a roinnt lena chéile.




Déanann grúpaí beaga de na daltaí macasamhail den ghrianchóras a chruthú. Beidh teimpléad de na pláinéid, olann nó téad, agus crochadán sreangach de dhíth ar gach aon ghrúpa.


Dathaigh agus gearr amach na pláinéid, agus ceangail leis an gcrochadán iad le píosaí téide, nó olann.

Cuir ar taispeáint san áit bheannaithe iad. Scaip cóip d'urnaí an lae ar na daltaí. Iarr orthu an phaidir a rá in éineacht lena chéile.


Véineas



An Ghrian




Iúpatar




An Domhan




Mars




Úránas




Satarn



Neiptiún



Mearcuir





Guímid lena chéile:



A Dhia Uilechumhachtach,

Beireann tú barróg cheana orainne agus ar an domhan a chruthaigh tú.

Bíonn tú i láthair ar fud na cruinne agus istigh sa chréatúr is lú.

Deonaigh go mbeidh meas againn ar an áilleacht inár dtimpeall, agus go ndéanfaimid cúram de.

Léirigh dúinn go mbaineann tábhacht leis an neach is lú atá ann.

Cabhraigh linn an dlúthcheangal atá eadrainn a aithint, agus an gaol atá againn leis an domhan a thuiscint.

Go ndéanfaimid cúram den domhan, an tíolacadh a bhronn tú orainn.

Míle buíochas leat a Dhia as bheith i gcónaí inár dteannta.

Bíodh iontas agus alltacht orainn maidir leis an domhan álainn a chruthaigh tú mar áit chónaithe dúinn. Amen.





# An Aoine – An Saol a Chaitheamh agus Dóchas againn sa Todhchaí



**28 Eanáir 2022**

‘Ós é an Spiorad atá dar mbeoú, leanaimis a threoir.’ (Gal 5:25)

## Smaoinigh:

Iarrtar orainn aghaidh a thabhairt go dóchasach ar an todhchaí, agus saol lán den Spiorad a chaitheamh. Cé nach féidir linn an Spiorad Naomh a fheiceáil, bíonn sé thart orainn i gcónaí, ar nós na gaoithe. Díreach mar a chuireann an ghaoth na duilleoga ag eitilt tríd an aer, bíonn an Spiorad Naomh dár dtreorú ar aistear an tsaol.

Tá sleachta sa scríoptúr naofa a dhéanann cur síos ar an Spiorad Naomh a bheith ar nós na gaoithe, Gníomhartha 2:2, mar shampla; Eoin 3:8, agus Eoin 20:22.

## Pléigh:

Déan torthaí an Naoimh Spioraid a scríobh ar an gclár bán. Déan tábhacht na dtorthaí seo inár saol féin a phlé leis na daltaí. Is iad torthaí an Naoimh Spioraid ná: Grá, Lúcháir, Síocháin, Foighne, Cineáltas, Maitheas, Uaisleacht, Dílseacht agus Féinsmacht. Ba mhaith le Dia go mbeadh torthaí an Spioraid Naoimh ionainne ar fad ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar an todhchaí go dóchasach, agus an saol a chaitheamh de réir tola Dé.

## Mar a Bhíonn an Spiorad Naomh ag Feidhmiú Istigh Ionainn

Léigh an sliocht seo don rang:

Iascaire den chosmhuintir ba ea Peadar, nuair a ghlaigh Íosa air a bheith mar dheisceabal dá chuid. Ní raibh mórán oideachais air, nó scil ar bith nár bhain leis an iascaireacht aige. Chinn sé ar Íosa a leanúint, agus rinneadh creidmheach de. Líonadh Peadar leis an Spiorad Naomh um Chincís, agus thug sé caint inspioráideach don slua. D'éist na mílte leis an teachtaireacht a thug Peadar dóibh ar an lá sin agus rinneadh creidmhigh de mhórán acu. Toisc go raibh an Spiorad Naomh ina chónaí ann, ba shampla iontach é Peadar den bhealach inar féidir le torthaí an Naoimh Spioraid claochlú iomlán a chur orainn, agus ar an mbealach ina mbímid ag smaoinreamh, ag caint agus ag gníomhú.

Déan Bíoblaí an ranga a scaipeadh i measc na ndaltaí, agus roinn i ngrúpaí beaga iad. Abair leis na grúpaí éagsúla na sleachta thíos a léamh, agus na ceisteanna a leanann iad a phlé.

1. Matha 4:18–20: An glao a cuireadh ar na deisceabail thosaigh:

- Cad a bhí á dhéanamh ag Peadar nuair a bhuail Íosa leis?
- Cad é an fhreagairt a thug Peadar ar Íosa?

2. Matha 16:13–20: Admháil ó Pheadar:

- Cad a dúirt Peadar faoi Íosa?
- Cad í an fhreagairt a thug Íosa air?

3. Gníomhartha 2:1–4: Teacht an Naoimh Spioraid um Chincís:

- Cad a tharla nuair a tháinig an Spiorad Naomh san áit seo?
- Cérbh iad na deisceabail a bhí istigh?



## Gníomhaíocht:

Déan an bhileog oibre a bhaineann leis an gceacht a fhótachóipeáil agus a bhronnadh ar na daltaí. Tabhair go leor ama dóibh torthaí an Naoimh Spioraid a scríobh amach agus a mhaisiú.



Iarr orthu an urnaí ar an mbileog oibre a chríochnú, agus iad ag iarraidh ar an Spiorad Naomh cabhrú leo torthaí an Spioraid a chur i bhfeidhm ar an mbealach ina smaoiníonn siad, ar na briathra a roghnaíonn siad, agus ar an mbealach ina n-íompraíonn siad iad féin.

## Torthaí an Spioraid Naoimh



Paidir chun an Naoimh Spioraid

Tar anuas a Naoimh Spioraid agus cabhraigh liom a bheith ar aon dul leatsa. Cabhraigh liom ...

---



---



---



---



---



---



---



---

Tar anuas a Naoimh Spioraid, agus bí beo ionam inniu ionas gur féidir liom aghaidh a thabhairt ar an todhchaí go dóchasach, agus mo shaol a chaitheamh de réir tola Dé.

Amen.

